




an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála Plean Straitéiseach 2023 - 2025





Plean Straitéiseach an CNCC 2023 – 2025

Réamhrá	Leathanach 4
Faoin CNCC	Leathanach 6
Conas a chuirimid ár gcuid oibre i gcrích	Leathanach 10
Ár Misean, ár bhFís, ár Luachanna	Leathanach 11
Forbhreathnú ar ár bPlean Straitéiseach	Leathanach 12
Sprioc Straitéiseach 1	Leathanach 13
Sprioc Straitéiseach 2	Leathanach 14
Sprioc Straitéiseach 3	Leathanach 15
Sprioc Straitéiseach 4	Leathanach 17
Sprioc Straitéiseach 5	Leathanach 18
Cur Chun Feidhme	Leathanach 20
Aguisín 1 – Amharc siar ar an straitéis roimhe seo	Leathanach 21
Aguisín 2 – Forbairt an phlean straitéisigh	Leathanach 23

Réamhrá

Is comhlacht poiblí neamhspleách é an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) a ghlacann roinnt ról tábhachtach laistigh den tseirbhís sláinte. Agus ár sainchúram á chomhlíonadh againn, socraímid cóireálacha d'othair, soláthraímid faisnéis liostaí feithimh atá dearbhaithe go neamhspleách, córais agus próisis a fhorbairt a chuidíonn le hathchóiriú an chórais sláinte, praghsanna do chúram tí altranais a chaibidliú, agus sainchomhairle a sholáthar don Aire Sláinte.

Ba thréimhse dhúshlánach í tréimhse straitéiseach an CNCC, 2020-2022, don eagraíocht, don earnáil chúram sláinte níos leithne agus don náisiún ina iomláine toisc gur chuir paindéim COVID-19 agus cibirionsaí Conti brú suntasach ar ár gcórais sláinte.

D'oibrigh ár ndaoine go leanúnach le linn an ama seo chun ár bpríomhsainchúram a chomhlíonadh agus ag an am céanna ag tacú leis an Aire le ról bhreise agus trí shainchomhairle a sholáthar nuair a iarradh air é sin a dhéanamh.

In ainneoin na ndúshlán seo, lean an CNCC air ag comhlíonadh a Spriocanna Straitéiseacha, lena n-áirítear na príomhnithe a baineadh amach:

- An Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh (TAPS) a fhorbairt agus a riar chun tacú le tithe altranais a bhfuil brúnna costais breise orthu de bharr COVID-19. Amhail an 29 Samhain 2022, tá €145.7m san iomlán i leith 7,900 éileamh curtha in iúl le híocaíocht a dhéanamh le FSS.
- Ó 2020 go 2022, 480,000 seirbhís ospidéal á socrú lena n-áirítear:
 - 115,000 máinliacht agus gnáthamh
 - 365,000 comhairliúchán othar seachtrach agus diagnóisic
- Rinneadh bailíochtú othair riaracháin ar liostaí feithimh ospidéal, i dteagmháil le ~1m othar ar liostaí feithimh náisiúnta chun a dheimhniú go bhfuil rochtain fós ag teastáil uathu ar chúram a raibh siad liostaithe ó 2020 go 2022.
- Trí chomhairle, forbairt beartais agus teicneolaíochta a sholáthar, bhí an CNCC ina phríomhpháirtithe leasmhara i mbainistíocht agus i dtuairisciú othar ar liostaí feithimh le linn COVID-19 agus trí Chibirionsaí FSS.

Agus ár gcéad Phlean Straitéiseach eile á fhorbairt don tréimhse 2023-2025, tugadh faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin, le príomh-léargas ó Fheidhmeannas agus Bord an CNCC, baill foirne, páirtithe leasmhara seachtracha sa chóras cúram sláinte agus ionadaithe othar. Tá meas againn agus cuirfimid luach le ranníocaíochtaí a fuairamar le linn an phróisis seo. Tá cur síos ar an bpróiseas seo in Aguisín 2 den doiciméad seo.

Léiríonn ár straitéis nua na díospóireachtaí sin agus tá sí fós ailínithe lenár sainchúram reachtaíochta. Aithníonn sí freisin nach mór dúinn ár bpróisis, ár gcórais a fheabhsú go leanúnach agus ár ndaoine a chumasú chun dearscnaitheacht eagraíochtúil a thógáil.

Táimid tar éis a chinntiú go bhfuil ár straitéis ailínithe le hathruithe atá ag tarlú ar fud an chórais cúram sláinte, mar chur i bhfeidhm Sláintecare agus forbairt cúram sláinte comhtháite in Éirinn.

Trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála i spiorad comhairliúcháin, comhoibríthe agus comh-mheas, táimid muiníneach gur féidir linn ár misean a chomhlíonadh maidir le rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte a fheabhsú thar na trí bliana amach romhainn.



Don Gallagher, Cathaoirleach

Faoin CNCC

Is comhlacht corparáideach é an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) a leagtar amach de réir Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 179 de 2004 – An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004, le feidhmeanna breise leagtha amach faoin Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (2009). Cuireann an CNCC le héifeachtúlacht an chórais cúram sláinte trí roinnt feidhmeanna a chomhlíonadh lena n-áirítear coimisiúnú cóireála d’othair agus idirbheartaíocht ar phraghsanna tithe altranais príobháideacha agus deonacha.

Cad a dhéanaimid

Tugann an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála faoi roinnt ról atá leagtha amach sa reachtaíocht. Go príomha:

1. Ceannaímid cóireálacha d’othair aonair, tríd an gcóras ospidéil, agus é mar sprioc shoiléir líon na liostaí feithimh a laghdú.
1. Bailímid, tiomsaímid, deimhnímid agus bainistímid sonraí ó ospidéil phoiblí, agus is muid an fhoirse aitheanta, údarásach de shonraí liostaí feithimh in Éirinn.
1. Déanaimid idirbheartaíocht le tithe altranais príobháideacha agus deonacha chun uasphraghas na seirbhíse cúram cónaithe fadtéarmach a chomhaontú do chónaitheoir aonair.
1. Táimid ar fáil don Aire Sláinte i ról comhairleach agus seachadta araon chun tacú leis an tseirbhís sláinte níos leithne áit a bhfuil an inniúlacht agus na cumais againn é sin a dhéanamh.

Cén chuma atá ar ár ngníomhaíocht bhliantúil

I 2022:

- Rinneamar idirbheartaíocht ar chomhaontuithe praghsála le breis agus 200 teach faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais. Ba é an meánphraghas náisiúnta foriomlán a comhaontaíodh le tithe altranais ná €1,079 in aghaidh na seachtaine.
- D'fhostaíomar 80 duine, ag teacht ó raon leathan cúlraí lena n-áirítear altranais, anailísíocht sonraí agus soláthar.
- Bhailíomar agus rinneamar bainistiú ar 50 milliún taifead ar liostaí feithimh ó ospidéal.
- Rinneamar an t-aon chóras trasearnála bainistíochta sonraí ospidéal (PAMS) a nuashonrú agus a chothabháil.

Rialachas an CNCC

Tá réimeas rialachais chorparáidigh sárchleachtais glactha ag an CNCC chun a mhiseán a sheachadadh go héifeachtach.

Ceapann an tAire Sláinte Bord naonúr comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach, chun maoirseacht a dhéanamh ar an CNCC. Áirítear leis seo straitéis na heagraíochta a aontú agus a chinntiú go mbaintear amach cuspóirí straitéiseacha.

Tá roinnt coistí bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a ról a chomhlíonadh. Áirítear ina measc:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca - chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna tuairiscithe airgeadais agus ar bhreithiúnais a rinneadh maidir le ráitis airgeadais agus tuarascálacha an CNCC, chun athbhreithniú agus comhairle a thabhairt maidir le hiniúchadh seachtrach agus inmheánach, agus athbhreithniú agus comhairle a thabhairt maidir le rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca.
- An Coiste um Chúram Othar – chun maoirseacht agus dúshlán a sholáthar maidir le gnéithe cáilíochta, bainistíochta riosca agus sábháilteachta cúram othar de réir mar a bhaineann leis an CNCC.

Tá foireann ceannaireachta feidhmiúcháin de chúigear, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) freagrach as gnéithe oibríochtúla an CNCC ó lá go lá a threorú agus as an straitéis a chur i bhfeidhm. Tuairiscíonn an POF don Bhord ag gach ceann dá chruinnithe ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht an CNCC.

Ár saineolas

Tá saineolas ceannródaíoch againn ar na nithe seo a leanas:



Soláthar cúraim sláinte



Athchóiriú beartais



Iniúchadh agus bailíochtú




Bailiú & tuairisciú sonraí



Próisis TFC (PAMS)


Ár n-áit sa chóras cúraim sláinte

Seirbhísí ospidéil



I gcomhréir lenár sainchúram, oibrímid le hospidéal chun freastalaithe fada sa chóras sláinte a aithint. Aithnímid acmhainn ar fud na n-ospidéal ansin agus ceannaímid cóireáil do na hothair sin. Agus é sin á dhéanamh againn ní hamháin go bhfuil tionchar suntasach againn ar dhaoine aonair, cuidímid freisin le brú a mhaolú ar an gcóras, trí líon na ndaoine ar an liosta feithimh a laghdú.

Praghsáil tithe altranais



- 1 Déanaimid idirbheartaíocht chun uasphraghas na seirbhísí cúraim chónaithe fhadtarmaigh a shocrú le gach teach altranais príobháideach agus deonach in Éirinn. I bhformhór na gcásanna tarlaíonn sé seo go bliantúil.
- 2 Deimhnímid ansin na huasphraghsanna comhaontaithe le FSS.
- 3 Déanann FSS íocaíochtaí go díreach leis an teach altranais ag an bpraghas comhaontaithe.

Conas a chuirimid ár gcuid oibre i gcrích

Ár róil

1. Déanaimid socrú chun cóireáil chuí ospidéal a sholáthar do ghrúpaí áirithe othar, de réir mar a chinneann an tAire Sláinte.
2. Bailímid, tiomsaímid, deimhnímid agus foilsímid faisnéis ar liostaí feithimh ospidéal phoiblí chomh maith le prótacail liosta feithimh a fhorbairt.
3. Aontaímid socruithe praghsála le tithe altranais príobháideacha agus deonacha faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais.
4. Cuirimid sainchomhairle ar fáil don Aire Sláinte ar shaincheistanna a bhaineann leis an tsláinte agus déanaimid comhairliú ar ghníomhaíochtaí ábhartha eile a d'fhéadfadh tacú leis an gcóras sláinte ag am ar leith.

Conas a oibrímid

1. Comhoibrímid agus bímid i dteagmháil leis an gcóras cúram sláinte níos leithne, ag tógáil caidrimh ar fud ár ngrúpaí páirtí leasmhair de réir mar a chuirimid ár sainchúram i gcrích.
2. Forbraímid córais TF atá ar thús cadhnaíochta go náisiúnta do bhainistiú sonraí liostaí feithimh agus tugtar tús áite d'fhorbairt leanúnach ár gcumas, ár n-acmhainní agus ár n-infheistíocht mar bhonn taca dár gcuid oibre ar fad.
3. Cothaímid cultúr cuspóra, éagsúlachta, uaillmhéine agus comhoibrithe go laethúil, ag aithint go gcabhraíonn timpeallacht a bhfuil daoine ag iarraidh dul i ngleic léi le héifeachtúlacht ár gcuid oibre.
4. Déanaimid cumarsáid éifeachtach, ionas gur féidir linn tionchar dearfach na hoibre a uasmhéadú.
5. Déanaimid infheistíocht inár ndaoine trí fhorbairt phearsanta agus deiseanna oiliúna mar go gcuireann ár mbonn eolais agus taithí ar ár gcumas tacú leis an gcóras sláinte níos leithne.

Mission, Vision & Values

Ráiteas Misin

Is é an **misean** atá againn ná rochtain daoine ar sheirbhísí cúram sláinte a fheabhsú.

Déanaimid é seo trí chóireálacha a shocrú, faisnéis liostaí feithimh dearbhairte go neamhspleách a sholáthar, córais agus próisis a fhorbairt a chuidíonn le hathchóiriú an chórais sláinte, praghsanna do chúram tí altranais a chaibidliú, agus sainchomhairle a sholáthar don Aire Sláinte.

Ráiteas Físe

Is í an **fhís** atá againn ná go mbeidh rochtain ag daoine ar sheirbhísí ospidéil agus tithe altranais nuair a bhíonn siad de dhíth orthu.

Ráiteas luachanna

1

Daoine ar dtús

Cuirimid leasanna othar agus áitritheoirí tithe altranais i gcroílár ár gcuid oibre.

2

Ionracas

Táimid neamhspleách, oibiachtúil, trédhearcach agus cuntasach.

3

Comhoibriú

Bímid i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara i spiorad comhairliúcháin, comhoibríthe agus comh-mheas.

4

Nuálaíocht

Táimid nuálaíoch, solúbtha, réamhghníomhach agus freagrúil.

5

Saineolas

Is saineolaithe inár réimse sinn agus glacaimid cur chuige oibiachtúil atá bunaithe ar fhianaise i leith ár gcuid oibre.

6

Cuimsiú

Mar eagraíocht tá meas againn ar éagsúlacht, ar chomhionannas agus ar chuimsiú.


Ár bPlean Straitéiseach

Tá ár bPlean Straitéiseach tógtha ar **cheithre phríomhspríoc** eagraíochtúla a ligfidh dúinn ár sainordú reachtúil a sheachadadh thar na trí bliana atá romhainn. Tacóidh an **cúigiú sprioc cumasúcháin** leis na spriocanna seo a bheidh dírithe ar eagraíocht láidir, athléimneach agus uilechuimsitheach a chruthú.

Le haghaidh gach ceann dár spriocanna tá breac-chuntas againn ar ár **gcuuspóirí straitéiseacha** agus ar an gcaoi a dtomhaisfimid an rathúlacht chun iad a bhaint amach. Beidh ár **bplean seirbhíse bliantúil mar thaca lenár rún straitéiseach**, agus déanfar ár rathúlacht a thomhas ag baint úsáide as príomhtháscairí feidhmíochta inmheánacha agus tuairiscithe inár dtuarascáil bhliantúil.

Inár ngníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuirfimid **creat caighdeánach seachadta** i bhfeidhm chun cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a chinntiú chun ár gcuuspóirí a bhaint amach. Tabharfaidh an creat aghaidh ar riosca agus rialachas, ar chumarsáid agus ar spriocanna, agus ar bhainistíocht tionscadail chuí, go léir mar spreagthaí chun ár misean agus ár bhfís a bhaint amach, tacaíthe tríd ag ár luachanna a mairimid go laethúil.

Ár spriocanna straitéiseacha



Spríoc straitéiseach 1

Cóireáil dearbhaithe cáilíochta a shocrú d’othair ar bhealach éifeachtach.

“Rochtain tráthúil ar chúram cuí”

Is príomhról é coimisiúnú cóireála d’othair a fheidhmíonn an CNCC chun ár misean a bhaint amach maidir le rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, rud a chumasóidh torthaí dearfacha sláinte. Déanaimid é seo trí acmhainn a aimsiú sna córais chúram sláinte poiblí agus príobháideacha do ghrúpaí sonracha othar ar liostaí feithimh, atá aitheanta ag an Aire.

Le linn na tréimhse straitéise roimhe seo, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíochtaí coimisiúnaithe ó thaobh toirte agus buiséid araon. Chuir an CNCC in oiriúint go tapa don leathnú seo, rud a léirigh athléimneacht inár gcur chuige maidir lenár spriocanna a bhaint amach. Thar na trí bliana atá romhainn, is é an spríoc atá againn ná an tseirbhís seo a sheachadadh ar bhealach le tionchar agus éifeachtúil chun a chinntiú go bhfaighidh na daoine sin a bhfuil sé de dhíth orthu rochtain tráthúil ar chúram. Agus é sin á dhéanamh againn, beimid ag tacú leis an tseirbhís sláinte níos leithne mar rannpháirtí iontaofa agus éifeachtach i gcónaí don chóras.

Cuspóirí

1. Páirt a ghlacadh i bhforbairt an Phlean Gníomhaíochta Liosta Feithimh agus na gníomhartha ábhartha a sheachadadh, mar a comhaontaíodh leis an Roinn Sláinte agus FSS

2. Creat cuí um dhearbhú cáilíochta a chothabháil agus a riar chun cóireáil a shocrú

3. Monatóireacht agus feabhas a dhéanamh ar fheidhmíocht shocrú na gcóireálacha

Conas a thomhaisfimid rath

1. Trí líon na n-othar a chuirimid ar fáil rochtain ar chúram
2. Trínár gcaidrimh le páirtithe leasmhara an chórais sláinte a neartú
3. Trí éifeachtacht ár bpróiseas teicniúil agus oibriúcháin
4. Trí mhéadú ar thaithí agus ar chumais ár ndaoine

1. Trí thionchar ár gcreat inmheánach, a chinntíonn go bhfaigheann othair rochtain go tráthúil ar chúram dearbhaithe cáilíochta
2. Trínár gcuid tosaíochta a thabhairt do thorthaí othar san obair seo
3. Trí na hathruithe a dhéanaimid ar ár bpróisis inmheánacha a chuireann le dearbhú cáilíochta níos mó inár bpróisis

1. Trí éifeachtúlacht ár gcórais athbhreithnithe
2. Trí inoiriúnaitheacht ár bhfoirne agus deiseanna feabhsúcháin á gcur i bhfeidhm
3. Trínár smaointeoireacht nuálaíoch maidir le réitigh a chruthú chun tuilleadh éifeachtúlachta agus fáis a sheachadadh

Sprioc Straitéiseach 2

Pragsanna cuí a bhaint amach do chúram cónaitheach fadtéarmach, a chumasóidh luach ar airgead agus toilleadh dóthanach, trí idirbheartaíocht le tithe altranais príobháideacha agus deonacha.

“Cúram tí altranais ar phraghas cuí”

Tá an CNCC freagrach as socruithe praghsála a idirbheartú le tithe altranais príobháideacha agus deonacha faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (Scéim Fair Deal), chun comhaontú a dhéanamh ar an bpraghas ar a soláthrófar seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh. Tar éis próiseas idirbheartaíochta rathúil, soláthraímid sonraí na gcomhaontuithe praghsála atá le cur san áireamh sa Scéim Fair Deal ar fáil don FSS.

Tá sé mar aidhm againn luach ar airgead a bhaint amach do sheirbhísí cúram cónaithe fadtéarmach trí phróiseas idirbheartaíochta éifeachtach, measúil agus comhoibríoch le húinéirí agus bainisteoirí tithe altranais. Cé go bhfuil ár ról san earnáil cúraim fhadtéarmaigh teoranta ó thaobh raon feidhme de, tá tionchar as cuimse ag caibidlíocht praghais ar an gcónaitheoir. Bíonn tionchar acu freisin ar dhreasachtaí agus ar mheicnic an chórais cúraim fhadtéarmaigh ina iomláine, agus is féidir leo tionchar a bheith acu ar an gcumas iomlán. Is rud an-dáiríre í an fhreagracht seo, mar a léirítear sna cuspóirí atá leagtha amach againn dúinn féin thíos.

Cuspóirí

Conas a thomhaisfimid rath

1. Socruithe praghsála do chúram fadtéarmach i suíomhanna tithe altranais cónaithe a idirbheartú	1. Trínár gcaidrimh le tithe altranais aonair a neartú 2. Trí mhéadú ar thaithí agus ar chumais ár ndaoine 3. Trí phraghsanna cuí a sheachadadh a chumasaíonn acmhainn sa chóras, agus a sheachadann luach ar airgead
2. Anailís ar chórais praghsála cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt	1. Trínár soiléireacht féin ar cad ba cheart do na córais a bhaint amach, agus ailíniú soiléir leis an Aire Sláinte 2. Trí luach na faisnéise a bhailítear chun na córais seo a chur ar an eolas 3. Trí chur i bhfeidhm éifeachtach agus trí ghlacadh na gcóras sin
3. Monatóireacht agus tuairiscíú a dhéanamh ar shocruithe praghsála aontaithe do thithe altranais	1. Trí bhailiú agus fíorú sonraí ar fud an mhargaidh 2. Trí anailís a dhéanamh ar na sonraí sin 3. Trínár gcumarsáid agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a úsáideann na sonraí seo, ag cinntiú go mbaineann luach leis

Spríoc Straitéiseach 3

Faisnéis liostaí feithimh a chomhthiomsú, a bhailíochtú agus a fhoilsiú chun pleanáil na seirbhíse sláinte a fheabhsú.

“Éifeachtúlacht trí dearscnaitheacht sonraí”

Tá an CNCC freagrach as sonraí liosta feithimh othar cónaitheach, cásanna lae agus othar seachtrach a bhailiú, a chomhthiomsú, a bhailíochtú agus a thuairisciú. Gineann muid tuarascálacha mionsonraithe a úsáideann páirtithe leasmhara ar fud na seirbhíse sláinte chun bainistiú éifeachtach ar liostaí feithimh chomh maith le pleanáil acmhainne agus éilimh i ngach ceann de na hospidéal a chumasú. Foilsímid ár dtuarascálacha freisin ar shuíomh gréasáin an CNCC le haghaidh rochtana poiblí.

Cuimsíonn na sonraí a fhaightear ó ospidéal ár gCóras Bainistíochta Rochtana Othar (PAMS), a thiomáineann ár bhfeidhm Choimisiúnaithe agus cóireálacha á socrú againn. Sna trí bliana amach romhainn, is é an spríoc atá againn ná athléimneacht agus éifeachtúlacht ár bpróiseas bailithe sonraí a fheabhsú tuilleadh chun táirgiúlacht fheabhsaithe a chumasú i bpleanáil na seirbhíse sláinte. Tá bonneagar láidir TF mar bhonn agus mar thaca ag gach a ndéanaimid agus ligeann sé dúinn ár sainchúram a sheachadadh. Tugann nádúr neamhspleách ár róil dearbhuithe don phobal freisin go bhfuil sonraí liostaí feithimh fíoraithe agus athbhreithnithe agus mar sin tá sé ríthábhachtach tógáil ar na córais seo go leanúnach.

Cuspóirí

Conas a thomhaisfimid rath

1. Ár bpróisis dearbhaithe do bhailiú agus do bhainistiú sonraí liostaí feithimh a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh	1. Trí shonraí dearbhaithe liostaí feithimh a fhoilsiú go míosúil 2. Tríd an leibhéal comhtháthaithe a bhainimid amach ar fud ár gcórais 3. Trí na bealaí a thugaimid dúshlán dúinn féin feabhas a lorg ar an gcaoi a ndéanaimid sonraí a dhearbú 4. Trínár gcaidrimh le páirtithe leasmhara an chórais sláinte a neartú, chun tacú le sreabhadh na sonraí
2. Tabhairt faoi dhearbhu riaracháin ar liostaí feithimh	1. Trínár bpróisis dearbhaithe a sheachadadh go rathúil – ag cinntiú gur léiriú cruinn iad na sonraí a chuirimid ar fáil ar na liostaí feithimh cúram sláinte reatha 2. Trínár gcumas monatóireacht agus tuairisciú cruinn a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí dearbhaithe riaracháin 3. Tríd an leibhéal teagmhála a fhaighimid ó othair agus muid i mbun cumarsáide leo maidir lena stádas cúraim reatha
3. Cláir iniúchta liostaí feithimh agus cáilíochta sonraí a fhorbairt agus a sheachadadh	1. Trí cháilíocht na faisnéise a bhaintear amach trí na cláir iniúchta, agus freagrúlacht na rannpháirtithe 2. Trí shoiléireacht ár gcumarsáide ar chaighdeán cháilíochta sonraí le páirtithe leasmhara ospidéal 3. Trí ár gcaidrimh le hospidéal a neartú, cáilíocht na sonraí a bhailímid a fheabhsú

Sprioc Straitéiseach 3

Cuspóirí (ar lean)

4. A chinntiú go bhfanann ár gcórais bailithe sonraí slán agus oiriúnach don fheidhm

5. Feabhas a chur ar na córais a úsáidimid chun sonraí liostaí feithimh a bhainistiú

6. Deiseanna a aithint agus gníomh a dhéanamh le haghaidh athchóiriú ar phróisis agus ar chórais liostaí feithimh

Conas a thomhaisfidimid rath (ar lean)

1. Trí leibhéal comhtháthaithe ár gcórais
2. Trí stóinseacht ár gcóras ó thaobh na slándála de
3. Trí úsáid rathúil a bhaint as ár gcórais ag páirtithe leasmhara in ospidéal a chuireann sonraí isteach

1. Trí dheiseanna feabhsúcháin a chur in ord tosaíochta go soiléir
2. Trí leibhéal comhtháthaithe ár gcórais
3. Trí stóinseacht ár gcóras ó thaobh na slándála de
4. Tríd an idirphlé oscailte a dhéanaimid le húsáideoirí sonraí agus le lucht déanta beartas

1. Trí phrótacail bhainistíochta liostaí feithimh náisiúnta a fhorbairt chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara na seirbhíse sláinte
2. Trí chórais agus uirlisí a chruthú chun othar ar liostaí feithimh ospidéal a riar
3. Trí na huirlisí seo a chur chun cinn le geallsealbhóirí córais sláinte chun a n-imscaradh a spreagadh tuilleadh

Spríoc Straitéiseach 4

A bheith guth neamhspleách, iontaofa agus saineolach laistigh den tseirbhís sláinte a thugann comhairle agus tacaíocht don Aire.

“Tionchar ar an gcóras sláinte trí chomhairle shaineolach”

Is guth saineolach é an CNCC ar choimisiúnú seirbhísí cúram sláinte, ar ghabháil sonraí liostaí feithimh, ar fhoilsiú agus ar fhorbairt prótacail chomh maith le praghsáil cúraim fhadtéarmaigh. Bainimid úsáid as ár saineolas chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Aire Sláinte chun tionchar a sheachadadh don tseirbhís sláinte ar fad.

Thar na trí bliana amach romhainn, is é an spríoc atá againn ná leanúint lenár ndearbhú rathúlachta agus comhoibriú le daoine eile sa tseirbhís sláinte mar cheannaire iontaofa i réimsí atá laistigh dár sainchúram. Is eol dúinn na tairbhí sláinte atá le baint as comhoibriú agus roinnt eolais agus mar sin táimid sásta an ról sin a imirt ar mhaithe le leas na n-othar.

Cuspóirí

1. Tacú leis an Aire nuair is cuí le comhairle shaineolach maidir le rochtain othar a fheabhsú, tuairisciú ar liostaí feithimh, bainistíocht agus athchóiriú, praghsáil cúram cónaitheach fadtéarmach agus iarratais iomchuí eile

Conas a thomhaisfimid rath

1. Trí luach na faisnéise agus na treorach is féidir linn a sholáthar
2. Trínár rannpháirtíocht i bhfóiríom náisiúnta mar ghuth saineolach ar chóireáil othar agus mar cheannaire ar bhainistiú sonraí liostaí feithimh
3. Tríd an tionchar a thugaimid isteach deiseanna a aithint agus a ghíaráil le haghaidh athchóiriú ar phróisis agus ar chórais liostaí feithimh
4. Trínár gcaidrimh leis an Aire agus le lucht déanta beartas a neartú
5. Trí mhéadú ar ár gcaidrimh chomhoibríocha le hearnáil na n-ollscoileanna agus le comhpháirtithe taighde chun an clár oibre feabhsaithe cúraim sceidealaithe a chur chun cinn
6. Trínár gcomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun córais a fhorbairt do phleanáil acmhainne agus éilimh
7. Trí fheabhas a chur ar ár gcáil mar cheannaire inár réimsí saineolais
8. Trínár gcumas dul i dteagmháil leis an Aire go réamhghníomhach, nuair a chreidimid gur féidir linn luach a chur ar phlé agus ar phleanáil córais

Sprioc Straitéiseach 5

Eagraíocht láidir, athléimneach agus uilechuimsitheach a chruthú ina bhfuil ár ndaoine cumasaithe agus ina gcuirtear feabhas leanúnach ar ár gcumas.

“Dearschnaitheacht eagraíochtúil”

Cumasaíonn an CNCC éifeachtúlacht sa tseirbhís sláinte níos leithne trína róil éagsúla a sheachadadh. Le linn ár gcéad tréimhse straitéiseach eile is é ár sprioc ár sainordú a sheachadadh agus torthaí dearfacha a fheabhsú d’othair agus do chónaitheoirí cúraim fhadtéarmaigh trí bheith ar an eagraíocht is fearr a d’fhéadfadh a bheith againn. Déanfaimid iarracht ár gcultúr ardfeidhmíochta othar a chothabháil agus a fheabhsú tuilleadh chun tallann a mhealladh, fanacht lúfar, nuálaíocht a dhéanamh agus feabhsú a lorg go leanúnach. Éascóidh ár struchtúr rialachais cinnteoireacht fhreagrach agus chuntasach. Oibreimid freisin chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid, go himheánach agus go seachtrach, ionas go mbeidh ár ndaoine ar an eolas agus go gcumhachtófar iad, agus go mbeidh ár bpríomhpháirtithe leasmhara ar an eolas faoin gcaoi a ndéanaimid tionchar a sheachadadh.

Tástáladh ár ndaoine agus ár gcórais le linn na paindéime agus cibirionsaí Conti, ach bhí tionchar dearfach leanúnach acu ar feadh an ama. Ní mór na tréithe seo a chothú go laethúil, ní hamháin chun ár bhfeidhmíocht a chothabháil, ach chun ár bhfeidhmíocht a fheabhsú tuilleadh agus chun ionad oibre agus cuspóir a sholáthar a bhfuil ár bhfostaithe bródúil as cur leo.

Cuspóirí

1. Eagraíocht tharraingteach, chuimsitheach agus thacúil dár bhfoireann a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh

2. Cur chuige ceannasach agus straitéiseach a fhorbairt maidir le cumarsáid **imheánach** atá bunaithe ar an gcleachtas is fearr

Conas a thomhaisfimid rath

1. Trí mhachnamh agus tosaíocht a thabhairt d’athrú a fhreastalaíonn ar chultúr, a spreagann ár ndaoine chun a gcuid oibre is fearr a sheachadadh, chomh maith chun a leasa agus don eagraíocht níos leithne
2. Trí tharraingteacht ár n-eagraíochta d’fhostaithe reatha agus do thallann amach anseo
3. Trínár dtiomantas do fhórsa saothair spreagtha, luachmhar a chothú
4. Trínár bpróiseas leanúnach bainistíochta feidhmíochta agus córais forbartha (PDMS)
5. Trínár dtacaíocht réamhghníomhach dár bhfostaithe le forbairt trí dheiseanna foghlama a sholáthar go himheánach agus go seachtrach
6. Trí na hathruithe a dhéanaimid chun a chinntiú gur eagraíocht chuimsitheach sinn, inar féidir le daoine a bheith ina n-aonar

1. Trí dhíriú ar chumarsáid imheánach fheabhsaithe sa ré iar-COVID agus soiléireacht cuspóra pobail a bhaint amach
2. Trí rannpháirtíocht fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil níos rialta lenár ndaoine maidir le misean, fíis, luachanna agus dul chun cinn na heagraíochta



<p>3. Cur chuige ceannasach agus straitéiseach a fhorbairt maidir le cumarsáid sheachtrach atá bunaithe ar an gcleachtas is fearr agus a oireann dár sainchúram laistigh den tseirbhís sláinte</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Trí ár bpríomhpháirtithe leasmhara a shainnithint agus conas a dhéanaimid cumarsáid leo2. Trí chomhaontú inmheánach ar na príomhtheachtaireachtaí is mian linn a sheachadadh do gach páirtí leasmhar3. Trí rannpháirtíocht rathúil agus idirghníomhaíochtaí lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha mar an Roinn Sláinte
<p>4. Déanfaimid ár ndícheall freisin eagraíocht oiriúnach don fheidhm a chruthú a bheidh in ann ár misean a chomhlíonadh</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Trí fheabhas leanúnach a chur ar ár struchtúr eagraíochtúil le fáil amach an bhfuil sé oiriúnach don chéad tréimhse straitéiseach eile. Nuair is gá, cuirfimid an t-athrú a theastaíonn chun ár misean a sheachadadh i bhfeidhm2. Trínár bpleanáil fórsa oibre cuí agus rialta chun a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta againn, ach freisin go dtugtar dúshlán cuí dár bhfoirne maidir lena gcumais, ní ar a mhéid is féidir leo a n-acmhainn a shíneadh3. Trí chur in ord tosaíochta leanúnach dár gcórais TF, cibearshláid, próisis agus oiliúint, agus feabhsuithe gníomhacha nuair a aithnítear iad
<p>5. Na caighdeán is airde rialachais chorpáidigh a chothabháil agus comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta cuí</p>	<ol style="list-style-type: none">1. Trínár bhfreagraí cuí ar Shaoráil Faisnéise, rochtain ar chosaint sonraí agus iarratais ar nochtadh cosanta chomh maith le PQanna a fhaigheann an eagraíocht. Déanfaimid monatóireacht ghníomhach agus tuairisceoimid ar líon na n-iarratas a fhaighimid chun an tAire a chur ar an eolas agus lenár bpleanáil inmheánach freisin2. Trínár dtuairisciú straitéiseach ar an eagraíocht ar bhealach trédhearcach3. Trínár gcomhlíonadh diongbháilte le gach riachtanas rialachais chorpáidigh4. Trínár gcumas luach ar airgead a bhaint amach in eagraíocht athléimneach a chruthú

Cur Chun Feidhme

Cuirfear ár straitéis i bhfeidhm sna trí bliana amach romhainn, ó Eanáir 2023 go Nollaig 2025

Agus muid ag machnamh ar an bpaindéim COVID-19 agus ar na dúshláin a thug sé don tseirbhís sláinte, aithníonn an NTPF an gá atá le bheith lúfar inár gcur chuige maidir le feabhas a chur ar rochtain ar chúram sláinte agus próisis atá faoi athbhreithniú leanúnach.

Leagann ár bPlean Straitéiseach creat amach chun ár ról laistigh den tseirbhís sláinte a sheachadadh. Is plean comhtháite trí bliana atá sa Straitéis, agus tá roinnt cuspóirí straitéiseacha á gcur i bhfeidhm thar níos mó ná bliain amháin. Gach bliain, saineoidh ár bPlean Seirbhíse Bliantúil na cuspóirí agus na gníomhartha sonracha a chuirfear chun cinn laistigh den bhliain sin.

Déanfaimid monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne ár mbearta ratha atá sainmhínithe go soiléir a théann le gach ceann dár Spriocanna Straitéiseacha, arna dtacú ag Príomhtháscairí Feidhmíochta inmheánacha. Gach bliain, foilseofar ár ndul chun cinn in aghaidh na straitéise inár dTuarascáil Bhliantúil.

Ár straitéis a chur i bhfeidhm

01 Plean Straitéiseach 2023 – 2025

Leagann sé amach Misean, Fís agus Luachanna, a thiomáineann spriocanna straitéiseacha



02 Plean Seirbhíse Bliantúil

Sainaithnítear KPlanna agus gníomhaíochtaí sonracha atá faoi cheangal ama chun spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.



03 Tuarascáil Bhliantúil

Tuarascálacha ar fheidhmíocht agus seachadadh de réir spriocanna.

Aguisín 1 – Amharc siar ar an straitéis roimhe seo

Dul chun cinn déanta i gcoinne ár straitéise eagraíochtúil 2020 – 2022

Leag Straitéis Eagrúcháin an CNCC 2020 – 2022 amach roinnt spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha don eagraíocht le linn na tréimhse. Tar éis deireadh na tréimhse trí bliana seo a bhaint amach, tá sé tábhachtach go ndéanfaí iniúchadh ar an dul chun cinn atá déanta maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach agus machnamh a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh is féidir a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad straitéis eile. Cé go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar obair an CNCC le linn na tréimhse, lean sé ar aghaidh ag baint amach a spriocanna straitéiseacha agus rinne sé dul chun cinn suntasach maidir le tacú le rochtain thráthúil ar chóireálacha iomchuí. Tá achoimre thíos ar ár bpríomhghnóthachtálacha don tréimhse 2020 - 2022:

1 **Chun cóireáil dhearbhaite cáilíochta a shocrú go héifeachtach d’othair**

- Shocraigh an CNCC ~480,000 seirbhís ospidéil don tréimhse 2020 go 2022. Áiríodh leis seo lialanna agus gnáthamh, comhairliúcháin othar seachtrach agus diagnóisic.
- Tugadh tacaíocht do FSS agus don Roinn Sláinte maidir le hullmhacht Ospidéal Ghéarmhíochaine do COVID-19 agus chabhraigh siad le cumas borrrtha féideartha Cúraim Chriticiúil agus Géarchúraim a chinneadh.

2 **Chun faisnéis dearbhaite maidir le liostaí feithimh a bhailiú agus a chur ar fáil, chomh maith le faisnéis lena dtacaíonn na próisis chuí agus iniúchadh.**

- Cláir Iniúchta Othar Seachtrach Críochnaithe do 2019 agus 2020.
- Rinneadh bailíochtú othair riaracháin ar liostaí feithimh ospidéil, i dteagmháil le ~1m othar ar liostaí feithimh náisiúnta chun a dheimhniú go bhfuil rochtain fós ag teastáil uathu ar chúram a raibh siad liostaithe ó 2020 go 2022.

3 **Chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar phraghsanna inmharthana le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh i gcomhréir leis an sainchúraim atá againn**

- Rinneadh comhaontuithe praghsála le breis agus 200 teach altranais faoin Scéim Tacaíochta Tithe Altranais.
- Mar fhreagra díreach ar thionchar COVID-19 ar earnáil na dtithe altranais, riar Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadach (TAPS) i gcomhar le FSS agus leis an Roinn Sláinte chun tacú le tithe altranais maidir le brúnna costais breise.

4 Chun sainchomhairle agus tacaíocht ghaolmhar a sholáthar don Aire maidir le rochtain fheabhsaithe othar, tuairisciú ar liostaí feithimh agus bainistiú agus praghsáil ar chúram fadtéarmach

- Dearadh agus imscaradh na Córais Bhainistíochta Rochtana Othar (PAMS) a bhainistíonn feidhm Choimisiúnú na nOthar Seachtrach na heagraíochta agus a éascaíonn bainistiú othar poiblí in ospidéal phríobháideacha.
- Forbraíodh rogha Freagra Uathoibrithe Ar Líne Othar (POLAR) d'othair a d'fhreagair do chomhfhreagras bailíochtaithe.
- Forbraíodh clár oiliúna ar líne um Bainistíocht Liosta Feithimh Othar Cónaitheach, Cás Lae agus Gnáthamh Pleanáilte (IDPP) i HSeLand i gcomhar le grúpaí FSS agus Ospidéal.
- Oibríodh le FSS agus leis an Roinn Sláinte ar ullmhacht Ospidéal Ghéarmhíochaine do COVID-19 agus thug siad cúnamh maidir le cumas borrrha féideartha Cúraim Chriticiúil agus Géarchúraim agus príomhspleáchais a chinneadh.

5 Chun Ár ndaoine a chumhachtú, ár gcórais a neartú agus ár gcultúr a fhorbairt chun dearscnaitheacht eagraíochtúil a bhaint amach agus ár dtionchar a uasmhéadú

- Seachadadh 391 cúrsa oiliúna agus tugadh tacaíocht do 32 ball foirne sa bhreisoideachas.
- Méadú ar an líon foirne go 80.


Aguisín 2 – Forbairt an phlean straitéisigh

Ár Straitéis Eagrúcháin 2023 - 2025 a Fhorbairt

Forbraíodh Straitéis Eagrúcháin an CNCC 2023-2025 de réir mar a thagann geilleagar na hÉireann ar ais ón bpaindéim domhanda COVID-19 agus an brú suntasach a chuir sé ar an gcóras cúram sláinte. Cé go raibh tionchar ag COVID-19 ar obair an CNCC, leanann sé de sprioc uailmhianach a leagan síos dó féin thar a chéad tréimhse straitéiseach eile chun rochtain thráthúil ar chúram cuí a fheabhsú.

Agus an straitéis seo á forbairt, rinne an Bord agus na foirne feidhmiúcháin, le tacaíocht ó KPMG, a fheidhmíocht i gcomparáid leis an straitéis roimhe seo 2020-2022 a mheas, torthaí próisis chomhairliúcháin fhairsing inmheánaigh agus sheachtraigh agus an córas athraitheach cúram sláinte in Éirinn. Baineadh úsáid as uirlisí cosúil le hanailís PESTLE, measúnú SWOT agus scanadh spéire chun na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn don CNCC a ghabháil, a pléadh go tréan trí cheardlanna inmheánacha. Faoi dheireadh, rinneadh athbhreithniú ar roinnt eagraíochtaí piraí idirnáisiúnta comhchosúla chun dea-chleachtais agus príomhnithe a foghlaimíodh ó shamhlacha oibriúcháin piraí a chinneadh. Tá achoimre thíos ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus an straitéis seo á forbairt:

Ionchuir straitéise



Athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach an CNCC 2020-2022

Chuir KPMG a chreat dílsithe 9 Luamhán Luacha i bhfeidhm chun measúnú staid reatha Straitéis Eagrúcháin 2020 – 2022 an CNCC a struchtúru. Rinne an creat seo measúnú ar an straitéis roimhe seo trasna a mhúnla airgeadais, a mhúnla oibriúcháin agus a samhail ghnó. Is iad seo na trí phríomhluamhán is féidir leis an mbainistíocht a tharraingt agus iad ag dearadh, ag tástáil agus ag cur straitéisí eagraíochtúla nua i bhfeidhm. Ina theannta sin, chinn KPMG an dul chun cinn a rinneadh i gcomparáid leis an bplean straitéiseach roimhe seo. Bhreithnigh an Bord agus na foirne Feidhmiúcháin na haschuir agus na moltaí ón measúnú seo agus thug siad eolas d'fhorbairt na straitéise reatha, a chlúdaíonn an tréimhse 2023-2025.

Anailís piaraí idirnáisiúnta

Ní cosúil go ndéantar sainchúram casta agus sainiúil an CNCC a mhacasamhlú ar bhonn comhchosúil i measc eagraíochtaí piaraí idirnáisiúnta. Tar éis cuardach domhanda, d'aithin KPMG ceithre eagraíocht piaraí a rinne macasamhlú ar cheann amháin nó níos mó de róil an CNCC laistigh dá ndlínse féin. Rinneadh athbhreithniú ar straitéisí eagraíochtúla na bpiaraí seo chun léargais agus dea-chleachtas idirnáisiúnta a fháil don CNCC. Baineadh leas as na ceachtanna seo chun an straitéis reatha a fhorbairt.

Próiseas comhairliúcháin

Reáchtáladh próiseas fairsing comhairliúcháin mar chuid den fhorbairt straitéise chun peirspictíochtaí agus léargais a fháil ar threo straitéiseach féideartha an CNCC amach anseo. Go himheánach, chuimsigh sé seo comhairliúcháin duine le duine agus ceardlanna grúpa le comhaltaí an Bhoird, an Fhoireann Feidhmiúcháin agus baill foirne an CNCC. Go seachtrach, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar fud an chórais cúram sláinte maidir le treo straitéiseach an CNCC amach anseo agus na deiseanna agus na dúshlán atá roimh an eagraíocht. Áiríodh leis seo ionchur luachmhar ó ghrúpaí ionadaíocha othar, arna éascú trí Chlár “Daoine a úsáideann Seirbhísí Sláinte” de chuid FSS. Rinne KPMG anailís ar na haschuir ón bpróiseas comhairliúcháin seo agus rinne an Bord agus an fhoireann Fheidhmiúcháin araon iad a phlé go tréan chun treoir a thabhairt do threoir straitéiseach na heagraíochta sa todhcháí.

Athbhreithniú straitéiseach staide

Rinne KPMG athbhreithniú staide straitéiseach fairsing ar an CNCC chun a chéad phlean straitéiseach eile a threorú. Áiríodh leis seo anailís SWOT chun láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí na heagraíochta a mheas; measúnú ar an timpeallacht sheachtrach ag baint úsáide as modheolaíocht PESTLE chun anailís a dhéanamh ar thionchair pholaitiúla, eacnamaíocha, shocheolaíocha, theicneolaíocha, dhlíthiúla agus chomhshaoil ar an eagraíocht agus scanadh spéire, a rinne iarracht treochtaí straitéiseacha gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a shainiú lena mbreithniú. Baineadh úsáid as an gcleachtadh seo chun eolas a thabhairt do thosaíochtaí straitéiseacha an CNCC don tréimhse 2023-2025.



an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund